II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/730 ÓN gCOMHAIRLE

an 31 Márta 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige, agus Rialachán (AE) 2022/109

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle ([1]) socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) agus na bearta atá nasctha go feidhmiúil leis na TACanna a shocraítear le Rialachán (AE) 2023/194, ba cheart iad a leasú chun foilsiú comhairle eolaíche a chur san áireamh chomh maith le torthaí na gcomhairliúchán le tríú tíortha agus torthaí chruinnithe na nEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna).

(2) Le Rialachán (AE) 2023/194 socraítear TAC sealadach i gcomhair ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéar 8 ICES don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2023, go dtí go mbeidh fáil ar chomhairle eolaíoch le haghaidh an stoic sin do 2023. An 16 Nollaig 2022 d'fhoilsigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) comhairle eolaíoch le haghaidh an stoic sin do 2023. Ba cheart an TAC cinntitheach le haghaidh an stoic sin do 2023 a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle sin.

(3) Idir an 9 agus an 13 Márta 2023, rinneadh comhairliúcháin dhéthaobhacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar leibhéal an TAC le haghaidh corra gainimh agus foghabhálacha gaolmhara (*Ammodytes* spp.) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, in uiscí na Ríochta Aontaithe de roinn 2a ICES agus in uiscí an Aontais i roinn 3a. Rinneadh na comhairliúcháin sin de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([2]), agus ar bhonn sheasamh an Aontais a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 2 Márta 2023. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dTaifead i Scríbhinn. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC ábhartha a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.

([1]) Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

([2]) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).

(4) Reáchtáil an tAontas agus an Iorua comhairliúcháin dhéthaobhacha maidir leis an méid seo a leanas: (i) stoic chomhroinnte agus stoic a bhainistítear go comhpháirteach sa Skagerrak, lena n-áirítear an séacla Artach (*Pandalus borealis*) agus an faoitín (*Merlangius merlangus*) i roinn 3a ICES, agus é mar aidhm teacht ar chomhaontú maidir le bainistiú na stoc sin lena n-áirítear na deiseanna iascaireachta; (ii) rochtain ar uiscí; agus (iii) malartuithe deiseanna iascaireachta. Rinneadh comhairliúcháin maidir le bainistiú na stoc sa Skagerrak idir an 9 Samhain agus an 9 Nollaig 2022, ar bhonn sheasamh an Aontais arna chomhaontú ag an gComhairle. Idir an 9 Samhain 2022 agus an 16 Márta 2023, reáchtáladh comhairliúcháin maidir le rochtain ar uiscí agus malartuithe deiseanna iascaireachta, ar bhonn sheasamh an Aontais arna chomhaontú ag an gComhairle. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú in dhá Thaifead Comhaontaithe, a shínigh Cinn Toscaireachta an Aontais agus na hIorua an 17 Márta 2023. Ba cheart na deiseanna iascaireachta ábhartha a shocrú ar an leibhéal a leagtar amach sna Taifid Comhaontaithe sin, agus ba cheart forálacha eile na dTaifead Comhaontaithe a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Ba cheart na deiseanna iascaireachta ábhartha a shocraítear le Rialachán (AE) 2023/194 agus na deiseanna iascaireachta le haghaidh an chaibealláin (*Mallotus villosus*) in uiscí na Graonlainne d'fholimistéir 5 agus 14 ICES a shocraítear le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle ([3]) a leasú dá réir.

(5) Ag an 11ú cruinniú bliantúil a bhí aici in 2023, ghlac an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) teorainneacha gabhála le haghaidh bolmáin Sileacha (*Trachurus murphyi*), rinne sí iascaigh thaiscéalaíocha maidir le déadiasc (*Dissostichus* spp.) a choinneáil ar bun agus bhain sí an teorainn iarrachta iascaireachta le haghaidh iascaigh pheiligeacha. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(6) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2022, choinnigh an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) na teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní buí (*Thunnus albacares*) i Limistéar Inniúlachta IOTC faoin bplean atógála don stoc sin. Socraítear le Rialachán (AE) 2023/194 cuóta an Aontais don stoc sin le haghaidh 2023 i gcomhréir leis an mbeart siúd arna ghlacadh ag IOTC. Tar éis an athbhreithnithe ar bhonnteorainn ghabhála bhliantúil an Aontais faoin bplean atógála le haghaidh tuinníní buí i Limistéar Inniúlachta IOTC, rinne IOTC athbhreithniú ar chuóta an Aontais don stoc sin le haghaidh 2023 i gcomhréir leis an bplean atógála. Ba cheart an cuóta athbhreithnithe sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(7) De bhun roinnt moltaí arna ndéanamh ag an gCoimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT), féadfaidh an tAontas, arna iarraidh sin, céatadán den chuóta stoc atá aige nár úsáideadh i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a thabhairt ar aghaidh ón mbliain leathdhéanach nó ón mbliain roimhe sin go bliain ar leith, de réir rialacha maidir le gach stoc arna leagan síos ag ICCAT. Ba cheart na moltaí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais ar bhonn togra ón gCoimisiún a luaithe is féidir, ionas gur féidir leis na Ballstáit cuótaí an Aontais a úsáid le haghaidh stoic ICCAT ina n-iomláine mar a fhoráiltear ag ICCAT le haghaidh 2024. Go dtí go gcuirfear na moltaí sin chun feidhme i ndlí an Aontais, socraítear le Rialachán (AE) 2023/194 cuótaí do Bhallstáit aonair le haghaidh stoic áirithe ar bhonn cuóta iomlán an Aontais do 2023 mar a chomhaontaigh ICCAT é sula ndéanfar aon choigeartú mar thoradh ar ró-iascaireacht nó tearcshaothrú ag na Ballstáit.

(8) Rinneadh cuóta an Aontais le haghaidh 2023 maidir leis na stoic i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a choigeartú le linn chruinniú bliantúil ICCAT i mí na Samhna 2022 i gcomhréir le roinnt moltaí ó ICCAT faoina gceadaítear don Aontas, arna iarraidh sin, céatadán socraithe dá chuóta deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a thabhairt ar aghaidh ó 2021 go dtí 2023. Agus cuótaí le haghaidh 2023 maidir leis na stoic áirithe sin do Bhallstáit aonair á socrú, ba cheart, roimh thús shéasúir iascaireachta na stoc sin, cuótaí neamhúsáidte de chuid an Aontais arna gceadú ag ICCAT a chur san áireamh. Dá bhrí sin, chun na coigeartuithe sin a léiriú, ba cheart, agus prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta á chur san áireamh, na cuótaí a leasú don tuinnín colgach an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) (ALB/AN05N), don tuinnín colgach an Deiscirt (ALB/AS05N), don tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*) san Aigéan Atlantach (BET/ATLANT), agus don cholgán (*Xiphias gladius*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T (SWO/AN05N) agus don cholgán san Aigéan Atlantach, laisteas de 5° T (SWO/AN05N). Ina theannta sin, ba cheart bearta áirithe a bhfuil baint fheidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta a choinneáil ar bun chun gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a urramú.

([3]) Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

(9) Maidir le teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh soithí de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ar thuinnín gorm (*Thunnus thynnus*) i limistéar ICCAT agus maidir le huas-ionchur agus uas-acmhainneacht le haghaidh fheirmeacha tuinníní gorma an Aontais sa limistéar sin, tá siad bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraítear sna pleananna iascaireachta bliantúla, sna pleananna bainistíochta maidir le hacmhainneacht iascaireachta agus sna pleananna bainistíochta feirmeoireachta bliantúla i gcomhair tuinnín gorm de chuid na mBallstát. Tá ar na Ballstáit na pleananna sin a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain, de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/1627 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Ansin déanann an Coimisiún na teorainneacha iarrachta iascaireachta agus uas-ionchur agus uas-acmhainneacht na feirmeoireachta a thuairisciú do rúnaíocht ICCAT, trí phlean bainistíochta iascaireachta agus acmhainneachta an Aontais, lena phlé agus lena fhormheas ag ICCAT de bhun Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2016/1627. Ba cheart teorainneacha iarrachta iascaireachta an Aontais agus uas-ionchur agus uas-acmhainneacht feirmeoireachta an Aontais do 2023 a shocrú i gcomhréir le plean an Aontais arna fhormheas ag ICCAT an 8 Márta 2023.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/194 a leasú dá réir sin.

(11) Tá feidhm ag na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2023/194 ón 1 Eanáir 2023. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na forálacha a thugtar isteach leis an Rialachán sin maidir le deiseanna iascaireachta ón 1 Eanáir 2023 chomh maith, cé is moite de na deiseanna iascaireachta le haghaidh an chaibealláin in uiscí na Graonlainne d'fholimistéir 5 agus 14 ICES, ar cheart feidhm a bheith acu ón 15 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 15 Aibreán 2023. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist. I bhfianaise na práinne atá le briseadh sna gníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (AE) 2023/194

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 mar a leanas:

(1) scriostar Airteagal 7;

(2) scriostar mír 2 d'Airteagal 34;

(3) leasaítear Iarscríbhinní IA, IB, ID, IH, IJ agus VI i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán (AE) 2022/109

In Iarscríbhinn IB a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/109, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an gcaibeallán (*Mallotus villosus*) in uiscí na Graonlainne i bhfolimistéir 5 agus 14 ICES:

"

Speiceas:	An caibeallán *Mallotus villosus*		Limis-téar:	Uiscí na Graonlainne in 5 agus 14 (CAP/514GRN)
An Danmhairg	0		TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Ghearmáin	0			
An tSualainn	0			
Na Ballstáit uile	0	(1)		
An tAontas	0	(2)		

([4]) Rialachán (AE) 2016/1627 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 ón gComhairle (IO L 252, 16.9.2016, lch. 1).

An Iorua	10 000 [2]	
TAC	Ní bhaineann le hábhar	

[1] Ní bheidh rochtain ag an Danmhairg, an Ghearmáin, agus an tSualainn ar an gcuóta "Na Ballstáit uile" go dtí go mbeidh a gcuóta féin ídithe acu. Ní bheidh rochtain ar bith, áfach, ar an gcuóta "Na Ballstáit uile" ag Ballstáit a bhfuil níos mó ná 10 % de chuóta an Aontais acu. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (CAP/514GRN_AMS).

[2] Maidir le tréimhse iascaireachta ón 15 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 15 Aibreán 2023.

"

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo ón 1 Eanáir 2023, cé is moite d'fhorálacha a bhaineann leis an gcaibeallán (*Mallotus villosus*) in uiscí na Graonlainne d'fholimistéir 5 agus 14 ICES, ar forálacha iad a mbeidh feidhm acu ón 15 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 15 Aibreán 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn IA:

(a) i gCuid A, cuirtear an méid a leanas in ionad an chéad tábla:

“

Speiceas:	An t-ainseabhaí *Engraulis encrasicolus*	Limistéar:	8 (ANE/08.)
An Spáinn	29 700	TAC anailíseach	
An Fhrainc	3 300		
An tAontas	33 000		
TAC	33 000		

”;

(b) i gCuid B, cuirtear an méid a leanas in ionad na dtáblaí maidir leis na stoic a liostaítear thíos :

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le corr ghainimh agus foghabhálacha gaolmhara (*Ammodytes spp.*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; uiscí an Aontais in 3a:

“

Speiceas:	Corr ghainimh agus foghabhálacha gaolmhara *Ammodytes* spp.		Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; uiscí an Aontais in 3a
An Danmhairg	181 637	(1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An Ghearmáin	279	(1)		
An tSualainn	6 678	(1)		
An tAontas	188 594			
An Ríocht Aontaithe	5 773			
TAC	194 367			

(1) Féadfaidh suas le 2 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní agus ronnach (OT1/*2A3A4X). Foghabhálacha faoitíní agus ronnach arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí sin, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil sna limistéir bhainistíochta seo a leanas le haghaidh corr ghainimh, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III:

	1r	2r	3r	4	5r	6	7r
	(SAN/234_1-R)(1)	(SAN/234_2-R)(1)	(SAN/234_3-R)(1)	(SA-N/234_4) (1)	(SA-N/234_5-R)(1)	(SA-N/234_-6)(1)	(SA-N/2-34_-7R)(1)
An Danmhairg	109 166	38 311	2 285	31 744	0	131	0
An Ghearmáin	167	59	4	49	0	0	0
An tSualainn	4 013	1 409	84	1 167	0	5	0

An tAontas	113 346	39 779	2 373	32 960	0	136	0
An Ríocht Aontaithe	3 469	1 218	73	1 009	0	4	0
Iomlán	116 815	40 997	2 446	33 969	0	140	0

(1) Laistigh den limistéar bainistíochta sin amháin, is féidir suas le 10 % den chuóta sin a thaisceadh agus a úsáid an bhliain dár gcionn.

";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an torsca (*Brosme brosme*) in uiscí na hIorua in 4:

"

Speiceas:	An torsca *Brosme brosme*	Limistéar:	Uiscí na hIorua in 4 (USK/04-N.)
An Bheilg	0		TAC réamhchúraim Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.
An Danmhairg	50		
An Ghearmáin	0		
An Fhrainc	0		
An Ísiltír	0		
An tAontas	50		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

";

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an scadán (*Clupea harengus*) in 3a:

"

Speiceas:	An scadán[1] *Clupea harengus*		Limistéar:	3a (HER/03A.)
An Danmhairg	9 771	(1)(2)(3)		TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An Ghearmáin	156	(1)(2)(3)		
An tSualainn	10 221	(1)(2)(3)		
An tAontas	20 148	(1)(2)(3)		
An Iorua	3 102	(2)		
TAC	23 250			

(1) Gabhálacha scadán a thógfar in iascach a úsáidfidh líonta a mbeidh mogallmhéid cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin acu.

(2) Ní fhéadfar ach na méideanna seo a leanas de na stoic scadán HER/03A. (HER/*03A.) agus HER/03A-BC (HER/*03A-BC) a iascach in 3a:

An Danmhairg	559
An Ghearmáin	7
An tSualainn	403
An tAontas	969
An Iorua	310

(3) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 50 % den mhéid sin a iascach in uiscí 4 de chuid na Ríochta Aontaithe (HER/*04-UK), agus 50 % in uiscí 4b de chuid an Aontais (HER/*4B-EU).

";

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an scadán (*Clupea harengus*) in uiscí an Aontais, na Ríocht Aontaithe agus na hIorua in 4 lastuaidh de 53° 30' T:

“

Speiceas:	An scadán[1] *Clupea harengus*		Limistéar:	uiscí an Aontais, na Ríocht Aontaithe agus na hIorua in 4 lastuaidh de 53° 30' T (HER/4AB.)
An Danmhairg	55 491		TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo.	
An Ghearmáin	37 409			
An Fhrainc	19 555			
An Ísiltír	49 163			
An tSualainn	3 753			
An tAontas	165 371			
Oileáin Fharó	0			
An Iorua	115 001	[2]		
An Ríocht Aontaithe	72 563			
TAC	396 556			

[1] Gabhálacha scadán a thógfar in iascach a úsáidfidh líonta a mbeidh mogallmhéid cothrom le 32 mm nó níos mó ná sin acu.

[2] Gabhálacha a thógfar laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC. Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a leanas a ghabháil in uiscí an Aontais in 4b (HER/*4AB-C):

2 700

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí sin, ní fhéadfaidh an tAontas níos mó ná an chainníocht a thugtar thíos a thógáil in uiscí na hIorua laisteas de 62° T:

Uiscí na hIorua laisteas de 62° T (HER/*4N-S62)	
An tAontas	2 700

”;

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an trosc (*Gadus morhua*) in 4, in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a agus sa chuid sin de 3a nach bhfuil in Skagerrak ná Kattegat:

“

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*		Limistéar:	4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; an chuid sin de 3a nach bhfuil in Skagerrak ná Kattegat (COD/2A3AX4)
An Bheilg	542	[1]	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Danmhairg	3 118			
An Ghearmáin	1 977			
An Fhrainc	670	[1]		
An Ísiltír	1 761	[1]		
An tSualainn	21			
An tAontas	8 089			

An Iorua	3 681	(2)
An Ríocht Aontaithe	9 882	(1)
TAC	21 652	

(1) Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 5 % de a iascach in: 7d (COD/*07D.).

(2) A bhféadfar 3 064 tona de a thógáil in uiscí an Aontais. Gabhálacha a thógfar laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

Uiscí na hIorua in 4 (COD/*04N-)	
An tAontas	5 853

";

(vi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le láimhínigh (*Lophiidae*) in uiscí na hIorua in 4:

"

Speiceas:	Láimhínigh *Lophiidae*	Limistéar:	Uiscí na hIorua in 4 (ANF/04-N.)
An Bheilg	33	TAC réamhchúraim Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Danmhairg	842		
An Ghearmáin	13		
An Ísiltír	12		
An tAontas	900		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

";

(vii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an gcadóg (*Melanogrammus aeglefinus*) in 4 agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a:

"

Speiceas:	An chadóg *Melanogrammus aeglefinus*		Limistéar:	4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (HAD/2AC4.)
An Bheilg	363	(1)	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo.	
An Danmhairg	2 495	(1)		
An Ghearmáin	1 588	(1)		
An Fhrainc	2 768	(1)		
An Ísiltír	272	(1)		
An tSualainn	223	(1)		
An tAontas	7 709	(1)		
An Iorua	13 432	(2)		

An Ríocht Aontaithe	37 261
TAC	58 402

(1) Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 10 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe, an Aontais agus idirnáisiúnta in 6a lastuaidh de 58°30'T (HAD/*6AN58).

(2) A bhféadfar 11 182 tona de a thógáil in uiscí an Aontais. Gabhálacha a thógfar laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

Uiscí na hIorua in 4 (HAD/*04N-)	
An tAontas	4 774

";

(viii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an bhfaoitín (*Merlangius merlangus*) in 3a:

"

Speiceas:	An faoitín *Merlangius merlangus*	Limistéar:	3a (WHG/03A.)
An Danmhairg	480	TAC réamhchúraim	
An Ísiltír	2		
An tSualainn	52		
An tAontas	534		
TAC	676		

";

(ix) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an bhfaoitín (*Merlangius merlangus*) in 4 agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a:

"

Speiceas:	An faoitín *Merlangius merlangus*		Limistéar:	4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (WHG/2AC4.)
An Bheilg	600		TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo.	
An Danmhairg	2 596			
An Ghearmáin	675			
An Fhrainc	3 900			
An Ísiltír	1 500			
An tSualainn	4			
An tAontas	9 275			
An Iorua	3 429	(1)		
An Ríocht Aontaithe	21 410			
TAC	34 294			

(1)	A bhféadfar 2 855 tona de a thógáil in uiscí an Aontais. Gabhálacha a thógfar laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC.	

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

Uiscí na hIorua in 4 (WHG/*04N-)
An tAontas 5 333

";

(x) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla an gcolmóir (*Merluccius merluccius*) in uiscí na hIorua in 4:

"

Speiceas:	An colmóir *Merluccius merluccius*	Limistéar:	Uiscí na hIorua in 4 (HKE/04-N.)
An Bheilg	16	TAC réamhchúraim	
An Danmhairg	1 496		
An Ghearmáin	169		
An Fhrainc	69		
An Ísiltír	120		
An tSualainn	Ní bhaineann le hábhar		
An tAontas	1 870		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

";

(xi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an bhfaoitín ghoirm (*Micromesistius poutassou*) in uiscí na Ríochta Aontaithe, an Aontais agus idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14:

"

Speiceas:	An faoitín gorm *Micromesistius poutassou*		Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 (WHB/1X14)
An Danmhairg	62 968	(1)	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo.	
An Ghearmáin	24 483	(1)		
An Spáinn	53 383	(1)(2)		
An Fhrainc	43 821	(1)		
Éire	48 761	(1)		
An Ísiltír	76 784	(1)		
An Phortaingéil	4 959	(1)(2)		
An tSualainn	15 576	(1)		
An tAontas	330 735	(1)(3)		
An Iorua	74 000	(4)(5)		
Oileáin Fharó	0			

An Ríocht Aontaithe	106 036

TAC	Ní bhaineann le hábhar

(1) Coinníoll speisialta: laistigh de chainníocht rochtana iomlán de 0 tona le haghaidh an Aontais, féadfaidh na Ballstáit suas leis an gcéatadán seo a leanas dá gcuótaí a ghabháil in uiscí Fharó (WHB/*05-F.): 0 %

(2) Féadfar aistrithe an chuóta seo a dhéanamh chuig 8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1; Tabharfar fógra, áfach, don Choimisiún roimh ré faoi aistrithe dá leithéid.

(3) Coinníoll speisialta: ó chuótaí an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe, in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 (WHB/*NZJM1) agus in 8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF (WHB/*NZJM2), féadfar an chainníocht seo a leanas a iascach i Limistéar Eacnamaíoch na hIorua nó sa limistéar iascaigh timpeall Jan Mayen:

10 000

(4) Féadfar é a iascach in uiscí an Aontais in 2a, 4, 6a lastuaidh de 56° 30′ T, 6b agus 7 laistiar de 12°I.

(5) Coinníoll speisialta: ón gcuóta Ioruach, féadfar an chainníocht seo a leanas a iascach in uiscí an Aontais in 2a, 4, 6a lastuaidh de 56° 30′ T, 6b agus 7 laistiar de 12°I:

150 000

";

(xii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an bhfaoitín ghoirm (*Micromesistius poutassou*) in 8c, 9 agus 10 agus in uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1:

"

Speiceas:	An faoitín gorm *Micromesistius poutassou*		Limistéar:	8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (WHB/8C3411)
An Spáinn	41 910		TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo.	
An Phortaingéil	10 477			
An tAontas	52 387	(1)		

TAC	Ní bhaineann le hábhar

(1) Coinníoll speisialta: ó chuótaí an Aontais in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 (WHB/*NZJM1) agus in 8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF (WHB/*NZJM2), féadfar an chainníocht seo a leanas a iascach i Limistéar Eacnamaíoch na hIorua nó sa limistéar iascaigh timpeall Jan Mayen:

10 000

";

(xiii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an langa (*Molva molva*) in uiscí na hIorua in 4:

“

Speiceas:	An langa *Molva molva*		Limistéar:	Uiscí na hIorua in 4 (LIN/04-N.)
An Bheilg		4	TAC réamhchúraim Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Danmhairg		477		
An Ghearmáin		13		
An Fhrainc		5		
An Ísiltír		1		
An tAontas		500		
TAC		Ní bhaineann le hábhar		

”.

(xiv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) in uiscí na hIorua in 4:

“

Speiceas:	Gliomach na hIorua *Nephrops norvegicus*		Limistéar:	Uiscí na hIorua in 4 (NEP/04-N.)
An Danmhairg		200	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.;	
An Ghearmáin		0		
An tAontas		200		
TAC		Ní bhaineann le hábhar		

’;

(xv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an séacla Artach (*Pandalus borealis*) in 3a:

“

Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*		Limistéar:	3a (PRA/03A.)
An Danmhairg		1 429	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An tSualainn		769		
An tAontas		2 198		
TAC		4 117		

”;

(xvi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an séacla Artach (*Pandalus borealis*) in uiscí na hIorua laisteas de 62° T:

“

Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*		Limistéar:	uiscí na hIorua laisteas de 62° T (PRA/4N-S62)
An Danmhairg	200		TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An tSualainn	123	(1)		
An tAontas	323			
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

(1) Ní mór foghabhálacha trosc, cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas seo.

”;

(xvii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an leathóg (*Pleuronectes platessa*) in 4, in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a, sa chuid sin de 3a nach bhfuil in Skagerrak ná Kattegat:

“

Speiceas:	An leathóg *Pleuronectes platessa*		Limistéar:	4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; an chuid sin de 3a nach bhfuil in Skagerrak ná Kattegat (PLE/2A3AX4)
An Bheilg	4 732		TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo.	
An Danmhairg	15 378			
An Ghearmáin	4 436			
An Fhrainc	887			
An Ísiltír	29 572			
An tAontas	55 005			
An Iorua	9 305	(1)		
An Ríocht Aontaithe	35 184			
TAC	132 922			

(1) A bhféadfar 7 746 tona de a thógáil in uiscí an Aontais. Gabhálacha a thógfar laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

Uiscí na hIorua in 4 (PLE/*04N-)	
An tAontas	30 209

”;

(xviii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an liúdar in 3a agus 4 agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a:

“

Speiceas:	An liúdar *Pollachius virens*		Limistéar:	3a agus 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; (POK/2C3A4)
An Bheilg	17	[1]	TAC anailíseach	
An Danmhairg	1 964	[1]		
An Ghearmáin	4 960	[1]		
An Fhrainc	11 672	[1]		
An Ísiltír	50	[1]		
An tSualainn	270	[1]		
An tAontas	18 933	[1]		
An Iorua	28 255	[2]		
An Ríocht Aontaithe	6 186			
TAC	53 374			

[1] Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 15 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe, an Aontais agus idirnáisiúnta in 6a lastuaidh de 58°30'T (POK/*6AN58).

[2] A bhféadfar 23 106 thona de a ghabháil in uiscí an Aontais in 4 agus in 3a (POK/* 3A4-C). Gabhálacha a thógfar laistigh den chuóta seo, asbhainfear iad ó sciar na hIorua den TAC.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

uiscí na hIorua in 4 (POK/*04N-)	
An tAontas	16 178

”;

(xix) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an sól coiteann (*Solea solea*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus an Aontais in 4 agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a:

“

Speiceas:	An sól coiteann *Solea solea*	Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (SOL/24-C.)
An Bheilg	681	TAC anailíseach	
An Danmhairg	311		
An Ghearmáin	545		
An Fhrainc	136		

An Ísiltír	6 151	
An tAontas	7 824	
An Iorua	5	(1)
An Ríocht Aontaithe	1 323	
TAC	9 152	

(1) Ní dhéanfar é a iascach ach in uiscí an Aontais in 4 (SOL/*04-EU).

";

(xx) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le speicis eile in uiscí na hIorua in 4:

"

Speiceas:	Speicis eile		Limistéar:	uiscí na hIorua in 4 (OTH/04-N.)
An Bheilg	14		TAC réamhchúraim	
An Danmhairg	1 320			
An Ghearmáin	149			
An Fhrainc	61			
An Ísiltír	106			
An tSualainn	Ní bhaineann le hábhar	(1)		
An tAontas	1 650	(2)		
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

(1) Cuóta "speicis eile" arna leithdháileadh ag an Iorua ar an tSualainn ar leibhéal traidisiúnta.

(2) Speicis nach gcumhdaítear le TACanna eile.

";

(xxi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le speicis eile in uiscí an Aontas in 4 agus 6a lastuaidh de 56° 30' T:

"

Speiceas:	Speicis eile		Limistéar:	uiscí an Aontas in 4 agus 6a lastuaidh de 56° 30' T (OTH/46AN-EU)
An tAontas	Ní bhaineann le hábhar		TAC réamhchúraim	
An Iorua	500	(1)(2)		
Oileáin Fharó	0			
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

(1) Teoranta do 4 (OTH/*4-EU).

(2) Speicis nach gcumhdaítear le TACanna eile.

”.

(2) in Iarscríbhinn IB:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad an tábla maidir leis an scadán (*Clupea harengus*) in uiscí na Ríochta Aontaithe, Fharó, na hIorua agus idirnáisiúnta in 1 agus 2:

“

Speiceas:	An scadán *Clupea harengus*	Limistéar:	uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí Fharó, uiscí na hIorua agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2 (HER/1/2-)
An Bheilg	10	TAC anailíseach	
An Danmhairg	10 220		
An Ghearmáin	1 790		
An Spáinn	34		
An Fhrainc	441		
Éire	2 646		
An Ísiltír	3 657		
An Pholainn	517		
An Phortaingéil	34		
An Fhionlainn	158		
An tSualainn	3 787		
An tAontas	23 294		
An Ríocht Aontaithe	9 983		
TAC	511 171		

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí seo, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

Uiscí na hIorua lastuaidh de 62° T agus an limistéar iascaigh timpeall Jan Mayen (HER/*2AJMN)

19 780

2, 5b lastuaidh de 62° T (uiscí Fharó) (HER/*25B-F)	
An Bheilg	0
An Danmhairg	0
An Ghearmáin	0
An Spáinn	0
An Fhrainc	0
Éire	0
An Ísiltír	0
An Pholainn	0
An Phortaingéil	0
An Fhionlainn	0
An tSualainn	0

”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an trosc (*Gadus morhua*) in uiscí na hIorua in 1 agus 2:

“

Speiceas:	An trosc *Gadus morhua*	Limistéar:	uiscí na hIorua in 1 agus 2 (COD/1N2AB.)
An Ghearmáin	2 081	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Ghréig	258		
An Spáinn	2 321		
Éire	258		
An Fhrainc	1 911		
An Phortaingéil	2 321		
An tAontas	9 150		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le gránádóirí (*Macrourus* spp.) in uiscí na Graonlainne in 5 agus 14:

“

Speiceas:	Gránádóirí *Macrourus* spp.		Limistéar:	uiscí na Graonlainne in 5 agus 14 (GRV/514GRN)
An tAontas	60	[1]	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
TAC	Ní bhaineann le hábhar	[2]		

[1] Coinníoll speisialta: ní dhíreofar ar an ngránádóir cruinnsocach (*Coryphaenoides rupestris*) (RNG/514GRN) ná ar an ngránádóir ceanngharbh (*Macrourus berglax*) (RHG/514GRN). Is mar fhoghabhálacha amháin a thógfar iad agus déanfar iad a thuairisciú ar leithligh.

[2] An méid thíos, i dtonaí, a leithdháiltear ar an Iorua. Coinníoll speisialta le haghaidh an mhéid seo: ní dhíreofar ar an ngránádóir cruinnsocach (*Coryphaenoides rupestris*) (RNG/514GRN) ná ar an ngránádóir ceanngharbh (*Macrourus berglax*) (RHG/514GRN). Is mar fhoghabhálacha amháin a thógfar iad agus déanfar iad a thuairisciú ar leithligh.

”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le gránádóirí (*Macrourus* spp.) in uiscí na Graonlainne de NAFO 1:

“

Speiceas:	Gránádóirí *Macrourus* spp.		Limistéar:	uiscí na Graonlainne de NAFO 1 (GRV/N1GRN.)
An tAontas	45	[1]	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
TAC	Ní bhaineann le hábhar	[2]	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	

[1] Coinníoll speisialta: ní dhíreofar ar an ngránádóir cruinnsocach (*Coryphaenoides rupestris*) (RNG/N1GRN) ná ar an ngránádóir ceanngharbh (*Macrourus berglax*) (RHG/N1GRN). Is mar fhoghabhálacha amháin a thógfar iad agus déanfar iad a thuairisciú ar leithligh.

[2] An méid thíos, i dtonaí, a leithdháiltear ar an Iorua. Coinníoll speisialta le haghaidh an mhéid seo: ní dhíreofar ar an ngránádóir cruinnsocach (*Coryphaenoides rupestris*) (RNG/N1GRN) ná ar an ngránádóir ceanngharbh (*Macrourus berglax*) (RHG/N1GRN). Is mar fhoghabhálacha amháin a thógfar iad agus déanfar iad a thuairisciú ar leithligh.

	55

”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an gcadóg (*Melanogrammus aeglefinus*) in uiscí na hIorua in 1 agus 2:

“

Speiceas:	An chadóg *Melanogrammus aeglefinus*	Limistéar:	uiscí na hIorua in 1 agus 2 (HAD/1N2AB.)
An Ghearmáin	250	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Fhrainc	150		
An tAontas	400		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an séacla Artach (*Pandalus borealis*) in uiscí na Graonlainne in 5 agus 14:

“

Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*	Limistéar:	uiscí na Graonlainne in 5 agus 14 (PRA/514GRN)
An Danmhairg	1 439	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Fhrainc	1 438		
An tAontas	2 877		
An Iorua	2 123		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

”;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an liúdar (*Pollachius virens*) in uiscí na hIorua in 1 agus 2:

“

Speiceas:	An liúdar *Pollachius virens*	Limistéar:	uiscí na hIorua in 1 agus 2 (POK/1N2AB.)
An Ghearmáin	474	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (cé) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Fhrainc	76		
An tAontas	550		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

”;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an haileabó Ghraonlannaigh (*Reinhardtius hippoglossoides*) in uiscí na hIorua in 1 agus 2:

“

Speiceas:	An haileabó Graonlannach *Reinhardtius hippoglossoides*	Limistéar:	uiscí na hIorua in 1 agus 2 (GHL/1N2AB.)
An Ghearmáin	125 [1]	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An tAontas	125 [1]		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

[1] Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

”;

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an haileabó Ghraonlannaigh (*Reinhardtius hippoglossoides*) in uiscí na Graonlainne de NAFO 1:

“

Speiceas:	An haileabó Graonlannach *Reinhardtius hippoglossoides*	Limistéar:	uiscí na Graonlainne de NAFO 1 (GHL/N1G-S68)
An Ghearmáin	1 700 [1]	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An tAontas	1 700 [1]		
An Iorua	325 [1]		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

[1] Le hiascach laisteas de 68° T.

”;

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an haileabó Ghraonlannaigh (*Reinhardtius hippoglossoides*) in uiscí na Graonlainne in 5, 12 agus 14:

“

Speiceas:	An haileabó Graonlannach *Reinhardtius hippoglossoides*		Limistéar:	uiscí na Graonlainne in 5, 12 agus 14 (GHL/5-14GL)
An Ghearmáin	4 300		TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An tAontas	4 300	(1)		
An Iorua	850			
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

(1) Nár cheart níos mó ná 6 shoitheach a bheith ag déanamh iascaireacht air ag an tráth céanna.

”;

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le péirse mhara (*Sebastes mentella*) in uiscí na hIorua in 1 agus 2:

“

Speiceas:	Péirse mhara *Sebastes mentella*	Limistéar:	uiscí na hIorua in 1 agus 2 (REB/1N2AB.)
An Ghearmáin	851	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Spáinn	106		
An Fhrainc	93		
An Phortaingéil	450		
An tAontas	1 500		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		

”;

(l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le péirse mhara (grinneallach) (*Sebastes* spp.) in uiscí na Graonlainne de NAFO 1F agus uiscí na Graonlainne in 5 agus 14:

“

Speiceas:	Péirse mara (grinneallach) *Sebastes* spp.		Limistéar:	uiscí na Graonlainne de NAFO 1F agus uiscí na Graonlainne in 5 agus 14 (RED/N1G14D)
An Ghearmáin	969	(1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Fhrainc	5	(1)		
An tAontas	974	(1)		
An Iorua	556	(1)		
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

Ní fhéadfar é a iascach ach amháin le trál, agus lastuaidh agus laistiar den líne a shainítear leis na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead	Domhanfhad
1	59° 15'°T	54° 26'°I
2	59° 15'°T	44° 00'°I
3	59° 30'°T	42° 45'°I
4	60° 00'°T	42° 00'°I
5	62° 00'°T	40° 30'°I
6	62° 00'°T	40° 00'°I
7	62° 40'°T	40° 15'°I
8	63° 09'°T	39° 40'°I
9	63° 30'°T	37° 15'°I
10	64° 20'°T	35° 00'°I
11	65° 15'°T	32° 30'°I
12	65° 15'°T	29° 50'°I

";

(m) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le speicis eile in uiscí na hIorua in 1 agus 2:

"

Speiceas:	Speicis eile		Limistéar:	uiscí na hIorua in 1 agus 2 (OTH/1N2AB.)
An Ghearmáin	89	(1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Fhrainc	36	(1)		
An tAontas	125	(1)		
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

(1) Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

".

(3) in Iarscríbhinn ID:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad an tábla maidir le tuinnín colgach an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T:

"

Speiceas:	Tuinnín colgach an Tuaiscirt *Thunnus alalunga*		Limistéar:	an tAigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T (ALB/AN05N)
Éire	3 398,46		TAC anailíseach	
An Spáinn	19 154,93			
An Fhrainc	6 024,53			
An Phortaingéil	2 100,86			
An tAontas	30 678,78	(1) (2)		
TAC	37 801			

(1) 1 241 an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh tuinníní colgacha an Tuaiscirt a iascach mar spriocspeiceas, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 520/2007.

(2) Coinníoll speisialta: Laistigh de theorainn an chuóta seo, ní fhéadfar níos mó ná an chainníocht a leanas a ghabháil in uiscí na Ríochta Aontaithe (ALB/*AN05N-UK): 280.00.

";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le tuinnín colgach an Deiscirt (*Thunnus alalunga*) san Aigéan Atlantach, laisteas de 5° T:

"

Speiceas:	Tuinnín colgach an Deiscirt *Thunnus alalunga*	Limistéar:	an tAigéan Atlantach, laisteas de 5 T (ALB/AS05N)
An Spáinn	1 051,29	TAC anailíseach	
An Fhrainc	345,49		
An Phortaingéil	735,71		
An tAontas	2 132,50		
TAC	28 000		

";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an tuinnín mhórshúileach san Aigéan Atlantach:

"

Speiceas:	An tuinnín mórshúileach *Thunnus obesus*	Limistéar:	an tAigéan Atlantach (BET/ATLANT)
An Spáinn	8 181,90 (1)	TAC anailíseach	
An Fhrainc	3 475,31 (1)		
An Phortaingéil	3 106,23 (1)		
An tAontas	14 763,44 (1)		
TAC	62 000 (1)		

(1) Déanfar gabhálacha tuinníní mórshúileacha ag soithí peas-saighne (BET/*ATLPS) agus gabhálacha ag soithí spléireachta dar fad iomlán 20 méadar (BET/*ATLLL) nó níos mó a thuairisciú ar leithligh. Ó mhí an Mheithimh i leith, nuair a shroichfidh gabhálacha 80 % den chuóta, beidh sé de cheangal ar na Ballstáit gabhálacha na soithí seo a tharchur ar bhonn seachtainiúil.

";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an gcolgán (*Xiphias gladius*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T:

“

Speiceas:	An colgán *Xiphias gladius*		Limistéar:	an tAigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T (SWO/AN05N)
An Spáinn	6 359,36	[2]	TAC anailíseach	
An Phortaingéil	1 155,83	[2]		
Ballstáit eile	129,84	[1][2]		
An tAontas	7 645,03			
TAC	13 200			

[1] Le haghaidh foghabhálacha amháin. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SWO/AN05N_AMS).

[2] Coinníoll speisialta: féadfar suas le 2.39 % den mhéid sin a iascach san Aigéan Atlantach, laisteas de 5° T (SWO/*AS05N). Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh choinníoll speisialta an chuóta chomhroinnte, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SWO/AS05N_AMS).

”.

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir leis an gcolgán (*Xiphias gladius*) san Aigéan Atlantach, laisteas de 5° T:

“

Speiceas:	An colgán *Xiphias gladius*		Limistéar:	an tAigéan Atlantach, laisteas de 5 T (SWO/AS05N)
An Spáinn	5 002,72	[1]	TAC anailíseach	
An Phortaingéil	329,53	[1]		
An tAontas	5 332,26			
TAC	10 000			

[1] Coinníoll speisialta: féadfar suas le 3.51 % den mhéid sin a iascach san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T (SWO/*AN05N).

”.

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IH:

"IARSCRÍBHINN IH

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SPRFMO

Speiceas:	An déadiasc *Dissostichus* spp.		Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (TOT/SPR-RB)
TAC	75	[1]	TAC réamhchúraim	

[1] Is le haghaidh iascaigh thaiscéalaíocha amháin an TAC bliantúil seo. Beidh an iascaireacht teoranta d'aon turas amháin nach faide ná 60 lá as a chéile agus a d'fhéadfadh tarlú aon am idir an 1 Bealtaine agus an 15 Samhain 2023. Ón 1 go dtí an 15 Samhain 2023, socrófar spiléir san oíche amháin agus cuirfear deireadh leis an iascaireacht uile láithreach má fhaigheann an méid seo a leanas bás:

(a) ceann amháin d'aon cheann de na speicis seo a leanas: albatras fáin (*Diomedea exulans*), albatras ceannliath (*Thalassarche chrysostoma*), albatras dú-mhalach (*Thalassarche melanophris*), guairdeall liath (*Procellaria cinerea*), guairdeall clúmhach (*Pterodroma mollis*); nó

(b) trí cinn d'aon cheann de na speicis seo a leanas: albatras éadrombhratach (*Phoebetria palpebrata*), guairdeall mór deisceartach (*Macronectes giganteus*) agus guairdeall mór tuaisceartach (*Macronectes halli*).

Beidh an iascaireacht teoranta freisin do 5 000 duán ar a mhéad in aghaidh an tacair, agus 120 tacar ar a mhéad. Socrófar spiléir 3 mhuirmhíle ar a laghad seachas a chéile, agus ní shocrófar iad ag suíomhanna spléar inar socraíodh línte roimhe sin laistigh d'aon bhliain féilire amháin. Scoirfear den iascaireacht nuair a shroichfear an TAC nó má cuireadh agus má tarlaíodh 120 tacar le linn an turais, cibé acu is túisce. Beidh an iascaireacht teoranta do dhoimhneachtaí idir 600 m agus 2 500 m agus ní dhéanfar í ach laistigh den bhloc taighde seo a leanas:

— IT	50° 30' D, 136° O
— OT	50° 30' D, 140° 30' O
— O-Eang	52 ° 45' D, 140° 30' O
— O-choirnéal	52 ° 45' D, 145° 30' O
— OD	54 ° 50' D, 145° 30' O
— ID	54° 50' D, 136° O

Speiceas:	An bolmán Sileach *Trachurus murphyi*	Limistéar:	Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (CJM/SPRFMO)
An Ghearmáin	15 280,63	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Ísiltír	16 562,63		
An Liotuáin	10 632,66		
An Pholainn	18 282,08		
An tAontas	60 758,00		
TAC	Ní bhaineann le hábhar"		

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IJ:

""*IARSCRÍBHINN IJ*

LIMISTÉAR INNIÚLACHTA IOTC

Ní rachaidh na gabhálacha tuinníní buí (*Thunnus albacares*) a ghabhann soithí de chuid an Aontais thar na teorainneacha gabhála a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

Speiceas:	An tuinnín buí *Thunnus albacares*		Limistéar:	Limistéar Inniúlachta IOTC (YFT/IOTC)
An Fhrainc	27 710		TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.	
An Iodáil	2 365			
An Spáinn	42 903			
An Phortaingéil	100	[1]		
An tAontas	73 078			
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

[1] Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírithe faoin gcuóta seo."."

(6) in Iarscríbhinn VI:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

"4. An líon uasta soithí iascaireachta de chuid gach Ballstáit a fhéadfar a údarú chun tuinníní gorma a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Tábla A

	An líon soithí iascaireachta (1)							
	An Ghréig (2)	An Spáinn	An Fhrainc	An Chróit	An Iodáil	An Chipir (3)	Málta (4)	An Phortaingéil
Soithí peas-saighne (5)	0	6	22	18	21	1	2	0
Soithí spléireachta	0	41	23	0	40	20	63	0
Bád baoite	0	66	8	0	0	0	0	0
Dorú láimhe	0	1	47	12	0	0	0	0
Trálaer	0	0	57	0	0	0	0	0
Mionscála	38	850	140	0	0	0	0	76
Soithí iascaireachta mionscála eile (6)	65	0	0	0	60	0	236	0

(1) Féadfar na huimhreacha sa Tábla seo a mhéadú a thuilleadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.
(2) In ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin cuireadh líon nach mó ná 10 soitheach spléireachta nó soitheach peas-saighne beag amháin agus trí shoitheach iascaireachta mionscála eile.
(3) Féadfar líon nach mó ná 10 soitheach spléireachta nó soitheach peas-saighne beag amháin agus líon nach mó ná trí shoitheach spléireachta a chur in ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin.
(4) Féadfar líon nach mó ná 10 soitheach spléireachta a chur in ionad soitheach peas-saighne meánmhéide amháin.
(5) Is de thoradh aistrithe idir Ballstáit é líon aonair na soithí peas-saighne sa tábla seo agus ní hionann é agus cearta stairiúla don todhchaí.
(6) Soithí ilchuspóireacha, a bhaineann úsáid as iltrealamh (spléar, dorú láimhe, dorú trollála).

";

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

"6. Uas-acmhainneacht i dtaca le feirmeoireacht agus ramhrú tuinníní gorma le haghaidh gach Ballstáit agus uas-ionchur tuinníní gorma a ghabhfar go fiáin a fhéadfaidh gach Ballstát a chionroinnt ar a fheirmeacha san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

Tábla A

Uas-acmhainneacht i dtaca le feirmeoireacht agus ramhrú tuinníní		
	An líon feirmeacha	Acmhainneacht (i dtonaí)
An Ghréig	2	2 100
An Spáinn	10	11 852
An Chróit	4	7 880
An Iodáil	13	10 220
An Chipir	3	1 034
Málta	7	14 679
An Phortaingéil	2	500

Tábla B

Uas-ionchur tuinníní gorma a ghabhtar go fiáin (i dtonaí)	
An Ghréig	785,0
An Spáinn	7 738,9
An Chróit	2 947,0
An Iodáil	2 064,0
An Chipir	756,6
Málta	10 486,0
An Phortaingéil	350,0

".